3. Cén chaoi ar cheart an frása seo a leanas a léirmhíniú: "Féadfaidh na Ballstáit tréimhse thosaigh níos giorra a chinneadh a fhreagróidh do thréimhse an tiontaithe" (an dara abairt d'Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013)? An úsáidtear na téarmaí "tréimhse thosaigh" agus "tréimhse an tiontaithe" go hidirmhalartach nó an bhfuil brí éagsúil le sannadh dóibh?

4. An gcaithfear an frása "Féadfaidh na Ballstáit tréimhse thosaigh níos giorra a chinneadh a fhreagróidh do thréimhse an tiontaithe" sa dara habairt d'Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an mbeart iomlán "feirmeoireachta orgánaí" maidir le gníomhaíochtaí chun "tiontú" go feirmeoireacht orgánach ar feadh tréimhse níos giorra ná an tréimhse dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 29(3) den Rialachán sin, nó ar cheart an frása sin a léirmhíniú sa chaoi, faoi chuimsiú an tiomantais foriomláin do "fheirmeoireacht orgánach", go bhfuil tréimhse thosaigh ann le haghaidh gníomhaíochtaí le linn an tiontaithe go feirmeoireacht orgánach?

(1) IO 2013 L 347, lch. 487.
(2) IO 2008 L 250, lch. 1.

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshofs (an Ghearmáin) a taisceadh an 27 Bealtaine 2022 – PT v VB

**(Cás C-343/22)**

(2022/C 340/21)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Cosantóir agus Achomharcóir:* PT

*Iarratasóir agus Freagróir:* VB

### An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 34(2) de Choinbhinsiún Lugano ar dhlínse agus ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála an 30 Deireadh Fómhair 2007 ("Coinbhinsiún Lugano") [1] a léirmhíniú sa chaoi gurb ionann ráiteas éilimh i gcaingean chun fiacha a aisíoc, a tionscnaíodh tar éis ordú íocaíochta a bheith eisithe san Eilvéis agus nár taisceadh leis aon iarratas chun an t-agóid i gcoinne an ordaithe íocaíochta a chur ar neamhní, agus an doiciméad lenar tionscnaíodh na himeachtaí?

(1) IO 2009 L 147, lch. 1

## Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Gent (an Bheilg) a taisceadh an 1 Meitheamh 2022 – BV Osteopathie Van Hauwermeiren v Belgische Staat

**(Cás C-355/22)**

(2022/C 340/22)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Gent

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* BV Osteopathie Van Hauwermeiren

*Cosantóir:* Belgische Staat